## Scéim Intéirneachta le TG4 do Chéimithe nó do Thosaitheoirí:
## Intéirneacht do Mhaor Craolacháin

**Conradh Bliana**

Tá sé i gceist ag TG4 Tréimhse Intéirneachta mar Mhaor Craolacháin, a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i nGaeltacht na Gaillimhe, a thairiscint ar chonradh bliana. Beidh an duine a roghnófar freagrach don Bhainisteoir Oibríochtaí.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Is deis é seo do dhuine atá ag tosú amach san earnáil físe agus atá ag iarraidh taithí phraiticiúil a fháil chun cur leis an oiliúint atá faighte acu go dtí seo. Íocfar tuarastal le linn na bliana taithí oibre seo agus beidh deiseanna oiliúna eile ar fáil le linn na bliana. Gheobhaidh an duine a cheapfar taithí chuimsitheach ag obair sa réimse mar Mhaor Craolacháin.

**Beidh deis ag an duine a roghnófar taithí a fháil ar na gnéithe éagsúla seo thíos:**

Oiliúint a fháil sna bogearraí agus sa trealamh atá in úsáid agus iad a oibriú go gairmiúil mar aon le tuiscint a bheith aige nó aici ar a bhíonn le déanamh i gcásanna éigeandála.

Sceideal TG4 a chur go haer

Monatóireacht a dhéanamh ar Aschur TG4 ar fud na n-ardán

Maoirseacht a dhéanamh ar Thograí Aschuir (mar shampla Ardáin Virgin Media / Cartlann)

A dheimhniú go bhfuil an t-ábhar á chraoladh ar ardchaighdeán

Ábhar d'Aschur TG4 a ullmhú agus a sheiceáil (Spotseiceáil / Mionbhlaisíní a roghnú)

Maoirseacht a dhéanamh ar Aschur TG4 – (i gcás go n-imíonn muid den aer)

A dheimhniú go bhfuil Aschur TG4, mar atá geallta againn, ar fáil don Lucht Féachana

Tuairisciú a dhéanamh ar fhadhbanna de réir na dtreoracha reatha

Na tuairiscí laethúla a líonadh gach lá de réir na dtreoracha reatha

Smacht a choinneáil ar chláracha agus ar phacáistí a thagann isteach ag TG4 agus a imíonn amach as TG4 trí KU / LiveU agus sruthanna Beo thar IP a úsáid.

**Riachtanais an phoist seo:**

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Tá an ról seo dírithe ar dhaoine atá ag tabhairt faoi chéim sa chumarsáid faoi láthair nó a bhfuil céim / taithí theicniúil bliana ar a laghad acu.

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil. Beifear ag súil go mbeidh tú dírithe ar an obair, go mbeidh ardscileanna cumarsáide agat, go mbeidh súil ghrinn ar mhionsonraí agus cumas

maith eagrúcháin agat, go mbeidh tú ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus go mbeidh taithí chruthaithe agat i ról den chineál céanna.

Beidh eolas maith agat ar ríomhairí, ar na hardáin meán sóisialta agus beidh an cumas ionat córais nua a fhoghlaim go tapa. Cuirfear oiliúint ar fáil ar chórais TG4.

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: **4pm Déardaoin an 12 Feabhra 2026** Seol CV, mar aon le d'iarratas chuig cv@tg4.ie.

I gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann a bheidh an post seo lonnaithe.

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist:** Grád Intéirneachta

**Uaireanta Oibre:**
78 uair sa gcoicís. Is post ar shealoibre é seo. Is iad seo na laethanta oibre:
Seachtain 1: Dé Luain, Dé Máirt, Dé hAoine, Dé Sathairn, Dé Domhnaigh
Seachtain 2: Dé Céadaoin, Déardaoin

**Pinsean:**
Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |